

18 Soláthar chlár an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir

- 18.1** Bunaíodh an Ciste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh (CUAC AE) faoi bhabhta cláregraithe buiséid 2021-2027.¹ Feidhmíonn sé laistigh de chreat Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh.² Is é cur i bhfeidhm an Bheartais Comhtháthaithe príomhstratéis infheistíochta an Aontais Eorpaigh, a bhfuil sé mar aidhm aici éagsúlachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críche idir réigiúin a laghdú agus forbairt chomhchuí a chur chun cinn ar fud na mballstát.
- 18.2** Is é aidhm shonrach CUAC AE drochthionchar an aistrithe aeráide a mhaolú trí thacú leis na críocha agus na hoibrithe is mó atá buailte, agus aistriú socheacnamaíoch cothromaithe a chur chun cinn. Tá an ciste ceaptha chun cabhrú le pobail ar fud na hEorpa aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an aistrithe ghlais ar bhealach éifeachtach agus cothrom, á chinntiú nach bhfágтар aon duine ar lár.
- 18.3** Mar a cheanglaítear leis an dlí, d'ullmhaigh Éire Plean um Aistriú Críche Cóir sa bhliain 2022, inar leagadh amach na paraiméadair faoina n-oibreodh CUAC AE.³
- 18.4** In Éirinn, spriocdhíríonn tacaíocht faoi CUAC AE ar cheantair áirithe laistigh den mhór-réigiún Lár Tíre a mheastar a bheith buailte go dona ag an aistriú ó tháirgeadh móna agus giniúint leictreachais ó mhóin. Áirítear i gcríoch CUAC AE a cheadaigh an Rialtas contaetha iomlána Laoise, na hIarmhí, Uíbh Fhailí, an Longfoirt agus Ros Comáin; chomh maith le ceantair bhardasacha (údaráis áitiúla) Bhéal Átha na Sluaighe i nGaillimh, Charraig na Siúire agus Dhurlais i dTiobraid Árann, agus Bhéal Átha Í agus Chlaonta-Mhaigh Nuad i gCill Dara (féach Fíor 18.1).⁴


¹ Is creataí seacht mbliana iad babhtaí cláregaithe an Aontais Eorpaigh a chinneann an buiséad, na tosaíochtaí agus na deiseanna maoinithe do thionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais.

² Bunaíodh le [Rialachán \(AE\) 2021/1056](#), a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2021, arna leasú le [Rialachán \(AE\) 2025/1914](#) a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2025 an Ciste um Aistriú Cóir. I [Rialachán \(AE\) 2021/1060](#), a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2021, leagtar amach na forálacha coiteanna do chiste CUAC AE agus do chistí eile de chuid an Bheartais Comhtháthaithe.

³ [Plean um Aistriú Críche Cóir, Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir](#), 2022.

⁴ Ceadaiodh an t-ainmniú críche ar leibhéal an rialtais bunaithe ar roinnt measúnuithe, lena n-áirítear anailís ar leibhéal contae agus fochontae a coimisiúnaíodh, chomh maith le tuarascálacha agus moltaí de chuid an Choimisinéara um Aistriú Cóir.

Fíor 18.1 Sprioc-chríoch an Chiste um Aistriú Cóir



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 18.5** Tá clár CUAC AE á chur chun feidhme ar bhonn cómhaoinithe 50:50. Tá maoiniú suas le €169 milliún ar fáil – €84.5 milliún ón Aontas Eorpach mar aon le €84.5 milliún de mhaoiniú ón Státchiste. Áirítear ar na tairbhíthe spriocdhíríthe micrifhiontair, cuideachtaí beaga agus meánmhéide, institiúidí taighde, údaráis áitiúla, eagraíochtaí pobail agus cuideachtaí leathstáit.
- 18.6** Sular seoladh CUAC AE, leithdháil Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir, a bunaíodh in Éirinn sa bhliain 2020, maoiniú deontais dar luach beagán os cionn €22 milliún ar 56 tionscadal san iomlán a tosaíodh i rith na mblianta 2020 agus 2021.⁵ Tharraing na tairbhíthe thart ar €16 milliún den mhaoiniú a leithdháileadh anuas. Dúnadh an Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir i mí na Nollag 2024 agus níor tógadh isteach é in CUAC AE.
- 18.7** Déantar na nithe seo a mheas sa scrúdú seo
- leordhóthanacht an chreata maoinithe atá i bhfeidhm chun an Ciste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a oibriú
 - caiteachas go dtí seo, i gcomparáid le cistí iomlána an Aontais Eorpaigh atá ar fáil d'Éirinn
 - torthaí go dtí seo, i dtéarmaí bhaint amach na gcuspóirí agus na spriocanna a leagadh síos.

⁵ Rinneadh an caiteachas ar fad don Chiste náisiúnta um Aistriú Cóir a dhíriú trí Vóta 29, Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaol.

⁶ Tá [Comhaontú Comhpháirtíochta 2021 – 27](#) d'Éirinn i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Creat maoinithe

Déantar cistí an Aontais Eorpaigh a riar faoi chreat dea-bhunaithe bainistíochta agus rialaithe maoinithe. Feidhmíonn CUAC AE faoin tsamhail bainistíochta comhroinnte, trína ndéanann an Coimisiún Eorpach agus údaráis náisiúnta cláir a riar le chéile (féach Fíor 18.2)

- 18.8** Fíor 18.2). Faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanann an ballstát comhaontú leis an gCoimisiún ina leagtar amach an tslí a mbainfear úsáid as an maoiniú.⁶

Fíor 18.2 Creat bainistíochta agus rialaithe do shamhail maoinithe chomhroinnte le haghaidh an Chiste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh.

Údarás bainistíochta	Feidhm ballstáit	Feidhm cuntasaiochta	Údarás iniúcháireachta
↓ Tá an phríomhfhreagracht air as an gciste a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus ní mór dó dearbhú a fháil go gcomhlíonann gach comhlacht a bhfuil baint aige leis an gcur chun feidhme na ceanglais rialála. Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre	↓ Déanann sí maoirseacht fhoriomlán ar an gciste agus tá sí freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-iarratas ar íocaíocht a chuirtear chuig an gCoimisiún Eorpach a chinntiú. An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	↓ Deimhníonn sí go bhfuil iarratais ar íocaíocht chuig an Aontas mar thoradh ar chórais chuntasaíochta iontaofa, mar aon le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas. An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	↓ Cinntíonn sé go ndéantar iniúchtaí bunaithe ar shamplaí chun tástáil a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais bainistíochta agus rialaithe de chuid clár oibríochta. Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus AE, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

7 Laistigh den Roinn, tá na foirne a bhaineann leis an bhfeidhm ballstáit agus leis an bhfeidhm cuntasaiochta neamhspleách ó thaobh struchtúir de

8 I measc na saincheisteanna cur chun feidhme a bhí ann i ndáil le Gníomh 2.2 bhí neamhábalacht, faoi rialacha infheidhme AE, chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh le feirmeoirí agus moilleanna maidir le raon feidhme an tionscadail a thabhairt chun críche agus doiciméid glaonna a chomhlánú. Maidir le Gníomh 3.3, fuarthas comhairle dlí a léirigh nach bhféadfadh an Roinn Iompair obair a dhéanamh ar thalamh nach raibh faoi úinéireacht phoiblí, agus bhí inní ann maidir le soláthar agus maidir leis an gcumas chun na luchtairí a cheangal leis an eangach.

18.9 I gcomhréir le ceanglais an Aontais Eorpaigh, déanann údarás bainistíochta CUAC a bhainistiú, agus déanann an ballstát maoirseacht air. Déanann an fheidhm cuntasaiochta próiseáil ar chuntais agus ar iarratais ar íocaíocht. Is é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) an t-údarás bainistíochta in Éirinn agus glacann an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an Roinn) na ról a bhaineann leis an mBallstát agus leis an bhfeidhm cuntasaiochta sin.⁷

Tosaíochtaí infheistíochta

18.10 Cuireadh an chéad chlár CUAC AE de chuid na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Samhna 2022, agus ghlac an Coimisiún é i mí na Nollag 2022. Dhírigh sé ar thrí réimse tosaíochta le haghaidh infheistíochta, a sainathnódh i bPlean na hÉireann um Aistriú Críche Cóir. Sonraíodh trí ghníomh faoi gach ceann de na trí thosaíocht.

- 18.11** I mí an Mhárta 2026, d'fhaomh an Coimisiún Eorpach leasú ar chlár CUAC AE na hÉireann. D'iarr EMRA agus an Roinn an leasú, mar gheall ar mheasúnú ar an gclár CUAC a rinne siad faoin bpróiseas athbhreithnithe meántearma faoi shainordú. Baineadh dhá cheann de na bunghníomhartha – rud a dhírigh ar athfhluchadh talún agus ar sholáthar líonra luchtairí d'fheithiclí leictreacha – de dheasca deacrachtaí suntasacha cur chun feidhme.⁸ Athleithdháileadh buiséid an dá ghníomh ar cuireadh deireadh leo – €15 milliún an ceann – ar ghníomh aonair faoi thosaíocht nua, an ceathrú ceann, ina ndírítear ar an aistriú aeráide agus ar athléimneacht chríoch CUAC AE. Áirítear sa chlár leasaithe ocht ghníomh san iomlán thar cheithre thosaíocht (féach Fíor 18.3).
- 18.12** Cé go gcoinníonn EMRA (mar údarás bainistíochta) an fhreagracht fhoriomlán as soláthar an chlár, ceapadh comhlachtaí idirmheánacha chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhartha aonair. Déantar cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig comhlachtaí idirmheánacha trí chomhaontuithe seirbhíse. Déanann comhlachtaí idirmheánacha maoirseacht ar riar laethúil na ngníomhartha agus tuairiscíonn siad ar an dul chun cinn do EMRA.
- 18.13** Bíonn cruinnithe míosúla ag an Roinn agus ag EMRA le gach comhlacht idirmheánach chun maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gach gníomh. Pléitear réimse leathan ábhar ag na cruinnithe míosúla, lena n-áirítear an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn, réamhaisnéis airgeadais, saincheistanna a bhaineann le comhlíonadh agus rialú, agus bainistíocht riosca.
- 18.14** Leithdháiltear maoiniú faoi chlár CUAC AE na hÉireann go foirmiúil ar leibhéal na tosaíochta agus déantar miondealú breise air ar leibhéal gnímh. Éilíonn an Coimisiún Eorpach leasú foirmiúil cláir i gcás aon aistrithe móra buiséid idir tosaíochtaí.⁹
- 18.15** I mí Feabhra 2024, bunaíodh an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) chun tacú le tionscal na hEorpa agus chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí ríthábhachtacha a threisiú. Tugadh STEP isteach chun acmhainní a shlógadh agus chun maoiniú a stiúradh ar shiúl ó chlár reatha de chuid AE, lena n-áirítear clár CUAC AE, agus i dtreo réimsí agus earnálacha áirithe a bhfuil infheistíocht á spriocdhíriú orthu.
- 18.16** Rinneadh leis an rialachán de chuid AE lenar bunaíodh STEP leasuithe freisin ar roinnt treoracha agus rialacháin eile lena dtacaítear le clár reatha de chuid AE.¹⁰ Leathnaíodh leis raon feidhme CUAC AE le tacú le tionscadail sna hearnálacha a bhaineann le hintleacht shaorga, le cibearshlándáil agus le fuinneamh glan.

⁹ Faoi réir rogha an údaráis bainistíochta, féadfar suas le 8% de leithdháileadh tosaigh aon tosaíochta, ach gan níos mó ná 4% de leithdháileadh iomlán an chiste, a aistriú idir tosaíochtaí gan leasú foirmiúil cláir.

¹⁰ [Rialachán \(AE\) 2024/795](#), a tugadh isteach i mí Feabhra 2024.

Fíor 18.3 Gníomhartha agus leithdháilte buiséid chlár an Chiste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh in Éirinn

Gníomh ^a	Cuspóir agus fócas	Comhlacht idirmheánach	Leithdháileadh buiséid	Tosaíocht
1.1: Éagsúlú eacnamaíoch	Éagsúlú eacnamaíoch na críche a chothú trí thacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i micrifhiontair, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, agus i bpáirtithe leasmhara eacnamaíocha in earnálacha ríthábhachtacha.	Fáilte Éireann	€38 m	1. Fostaíocht a chruthú d'iarphobail mhóna trí infheistiú in éagsúlú an gheilleagair áitiúil
1.2: Tacú le straitéisí eacnamaíocha áitiúla agus réigiúnacha	Tacú le cur i bhfeidhm straitéisí eacnamaíocha áitiúla agus réigiúnacha a thagann ón mbun aníos.	Pobal (thar ceann na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil)	€29 m	
1.3: Tionscnaimh léirithe an bhithgheilleagair	Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus nuálaíochta a chuireann leis an ngeilleagar glas agus ciorclach.	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€20 m	
2.1: Athchóiriú tailte móna	Athchóiriú agus athshlánú tailte móna díghrádaithe.	EMRA (gan aon chomhlacht idirmheánach)	€12 m	2. Tacú le hathchóiriú agus athshlánú tailte móna díghrádaithe, agus le hathnuachan agus athúsáid sócmhainní oidhreachtacha tionsclaíche
2.2: Bearta athfhluchtacha (scriosta sa bhliain 2026)	Gníomhartha taighde, aistrithe eolais agus monatóireachta maidir le bearta athfhluchtacha agus feabhsuithe ginearálta ar bhainistíocht talún d'ithreacha móna feirme.	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€15 m	
2.3: Líonra conairí	Athghiniúint agus athúsáid sócmhainní oidhreachtacha tionsclaíche.	Fáilte Éireann	€30 m	
3.1/3.2: Soghluaisteacht inbhuanaithe	Bealaí busanna áitiúla a dhícharbónú agus tacú le leictiríú oibreoirí busanna príobháideacha.	An Roinn Iompair (An tÚdarás Náisiúnta Iompair)	€3 m	3. Roghanna soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a chur ar fáil d'iarphobail mhóna, chun cur ar a gcumas leas díreach a bhaint as an aistriú glas
3.3: Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha (scriosta sa bhliain 2026)	Suiteáil bonneagair pointí luchtaithe tapa agus ardchumhachta don phobal, lena n-áirítear tacaíocht chomhairleach agus ceannach trealamh riachtanaigh.	An Roinn Iompair	€15 m	
4.1: Aistriú inbhuanaithe (curtha leis sa bhliain 2026)	Tacú le haistriú inbhuanaithe trí ghníomhú ar son na haeráide le haghaidh críoch athléimneach (START).	Pobal (thar ceann na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil)	€30 m	4. Aistriú aeráide athléimneach agus inbhuanaithe na críche a chumasú
Cúnamh teicniúil ^b			€7 m	
Iomlán			€169 m	

Foinse: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

Nótaí: a De bharr leasú cláir, a d'fhaomh an Coimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2026, baineadh Gníomhartha 2.2 agus 3.3 agus athleithdháileadh na buiséid a bhain leo ar Ghníomh nua 4.1.

b Leithdháiltear maoiniú le haghaidh cúnamh teicniúil (4% den bhuiséad foriomlán dar luach €169 milliún) le maoiniú CUAC a riar agus a úsáid go héifeachtach, lena n-áirítear acmhainneacht na gcomhpháirtithe a fhorbairt chomh maith le maoiniú a sholáthar chun feidhmeanna a chur i gcrích amhail ullmhúchán, oiliúint, bainistíocht, monatóireacht, meastóireacht, infheictheacht agus cumarsáid.


- 18.17** Ní raibh aon athrú ar an maoiniú foriomlán a bhí ar fáil chun clár CUAC AE a sholáthar in Éirinn mar gheall ar bhunú STEP. Mar sin féin, ceadaíodh íocaíocht réamh-mhaoinithe aonuaire ón Aontas Eorpach. Maidir leis sin, íocadh réamh-mhaoiniú de chuid CUAC AE dar luach €25.34 milliún, a bhaineann le STEP, le hÉirinn sa bhliain 2024.

Caiteachas go dtí seo

- 18.18** Leithdháileadh buiséad ar gach tosaíocht faoin gclár. Socraítear na tráthchláir sholáthair sna pleananna cur chun feidhme a faomhadh do gach gníomh. Cheadaigh EMRA, mar údarás bainistíochta, síneadh suas le sé mhí do líon beag tionscadal faoi Ghníomhartha 1.1 agus 1.2, rud a d'éascaigh soláthar an tionscadail iomláin agus cur isteach na n-éileamh deiridh. Ina theannta sin, cuireadh síneadh naoi mí agus sé mhí faoi seach le dátaí deiridh Ghníomhartha 2.1 agus 2.3 le gur féidir na hoibreacha a thabhairt i gcrích. Dúirt an Roinn gur chinntigh EMRA nach gcuirfeadh na síntí a deonaíodh an tarraingt anuas iomlán ar chistí iomlána an Aontais Eorpaigh atá ar fáil d'Éirinn i mbaol.
- 18.19** Leithdháileadh buiséad cúnamh theicniúil €6.8 milliún le haghaidh riar an chlár.¹¹ Chomh maith leis sin, tá maoiniú de thart ar €162 milliún ar fáil lena leithdháileadh ar thionscadail faoi na ceithre tosaíocht atá leagtha síos do CUAC AE in Éirinn.
- 18.20** Ar an iomlán, chuir an Roinn suim €173 milliún ar leataobh (ach gan a bheith go hiomlán deimhnithe) mar seo a leanas
- Gealladh €137 milliún do 174 tionscadal faoi chomhaontuithe deontais
 - Cuirfear €30 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla faoi ghlaio maoinithe dúnta maidir leis an gceathrú tosaíocht nua a glacadh i mí an Mhárta 2026
 - €6 mhilliún do thionscadail a bhfuil comhaontuithe deontais á bplé faoi láthair ina leith.
- 18.21** Léirítear sna leithdháiltí reatha ar thionscadail atá ann cheana róghealltanas €11 mhilliún ón Roinn faoi Thosaíocht 1, arna fhritháireamh ag suimeanna nár gealladh faoi na tosaíochtaí eile (féach Fíor 18.4).
- 18.22** Dúirt an Roinn gur ghlac Fáilte Éireann (mar chomhlacht idirmheánach) an cinneadh gealltanas a dhéanamh a sháraigh an méid a leithdháileadh faoi Ghníomh 1.1 mar gheall ar an anailís a rinneadh ar scéimeanna deontais caipitil roimhe sin agus ar an gcaoi nach ndéantar an dul chun cinn a mbeifí ag súil leis ar sciar tionscadal maoinithe go hiondúil. Bhí sé beartaithe maolú a dhéanamh ar an mbaol nach dtarraingeofaí anuas maoiniú iomlán CUAC AE. Dúirt an Roinn go mbeadh iallach ar Fháilte Éireann, dá mba gha, aon ghealltanais a sháraíonn an leithdháileadh atá ar fáil ó CUAC AE a chomhlíonadh.
- 18.23** Amhail tús mhí Lúnasa 2026, d'íoc comhlachtaí idirmheánacha €51 milliún amach le tairbhíthe.

¹¹ Cuirtear cúnamh teicniúil, ar ráta 4%, leis an gcaiteachas incháilithe i ngach éileamh íocaíochta a chuirtear isteach.

Fíor 18.4 Buiséid, gealltanais agus íocaíochtaí, de réir tosaíochta, go dtí deireadh mhí Iúil 2026.




Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Olltorthaí vóta bliantúla


- 18.24** Déantar caiteachas CUAC AE faoi Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaoil agus faoi roinnt vótaí rannacha eile. Sa bhliain 2025, áiríodh an méid sin Vóta 32 Fiontar, Turasóireacht agus Fostaíocht, Vóta 31 Iompar agus Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht. Athraíonn trédhearcacht chaiteachas CUAC ó vóta go vóta. I gcásanna áirithe, baineadh úsáid as fo-mhírchinn neamhspleácha chun caiteachas a shainaithint. I gcásanna eile, cuireadh caiteachas CUAC le caiteachas vótáilte eile.
- 18.25** Maoiníodh an Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir (a dúnadh i mí na Nollag 2024) go hiomlán trí Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaoil. Cé nár tógadh an Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir isteach i gclár CUAC AE, maoiníodh an dá chlár tríd an bhfo-mhírcheann céanna laistigh de Vóta 29. Idir 2022 agus 2024, bhí caiteachas á thabhu ar an dá chlár.
- 18.26** Mar gheall ar mhoilleanna a bhain leis an gCiste náisiúnta um Aistriú Cóir, tharla tearc-chaitheamh suntasach i gcomparáid leis na soláthairtí measta bliantúla faoi Vóta 29 (féach Fíor 18.5). Dúirt an Roinn gurbh iad na príomhchúiseanna leis an tearc-chaitheamh bliantúil don Chiste náisiúnta um Aistriú Cóir ná éileamh níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis ó thairbhíthe féideartha agus tarraingt anuas níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ar deireadh, níor éirigh le roinnt tionscadal a gcuid spriocanna a bhaint amach, rud as ar tháinig tearc-chaitheamh ar an gclár iomlán.
- 18.27** Tharla tearc-chaitheamh freisin faoi Vóta 29 maidir le CUAC AE ó cuireadh tús leis sa bhliain 2022 (féach Fíor 18.6).

Fíor 18.5 Soláthar agus olltoradh vóta náisiúnta CUAC, 2020 go 2024^a



Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
 Nóta: a D'aisíoc tionscadal suim €144,601 leis an státchiste sa bhliain 2024, suim a bhí íoctha as an Vóta sa bhliain 2021

Fíor 18.6 Soláthairtí agus olltorthaí CUAC AE, 2022 go 2025



Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil; Cuntais leithreasa Vóta 33 2023 agus 2024; Cuntas leithreasa Vóta 32 2025
 Nóta: a Thit caiteachas ar thionscadail turasóireachta faoi Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin sna blianta 2023 agus 2024, agus faoi Vóta 32 Fiontar, Turasóireacht agus Fostaíocht sa bhliain 2025.

18.28 Dúirt an Roinn go raibh an mhoill ar an bpróiseas chun clár na hÉireann a fhaomhadh ag an gCoimisiún Eorpach ina cúis leis an tearc-chaitheamh sa chéad bhliain de CUAC AE (2022). Chuir an Roinn an clár isteach lena fhaomhadh i mí na Samhna 2022 agus faomhadh é i mí na Nollag 2022. Tá sé ráite ag an Roinn gur mar gheall ar mhoilleanna i gcur i bhfeidhm cuid de na gníomhartha a tharla tearc-chaitheamh sna blianta ina dhiaidh sin.

- 18.29** Tharla tearc-chaitheamh suntasach freisin i gcás vótaí caiteachais eile de chuid CUAC AE. Mar shampla, sa bhliain 2025, as maoiniú CUAC AE dar luach €23.2 milliún a bhí ar fáil ó Vóta 32 do thionscadail turasóireachta, tabhaíodh caiteachas €8.3 milliún (féach Fíor 18.6). Cuirtear an t-easnamh €14.9 milliún sa chás sin i leith na leochaileachta a bhaineann le tionscadail chaipitil i leith moilleanna – lena n-áirítear amlínte planála agus soláthair, infhaighteacht conraitheoirí agus tionchair a bhaineann leis an aimsir.


Tarraingt anuas mhaoiniú AE

- 18.30** I dtús an chláir, rinne EMRA réamhaisnéisí i gcomhréir leis an gcomhaontú comhpháirtíochta idir Éire agus AE. Chuir an Coimisiún Eorpach próifíl caiteachais ar fáil d'Éirinn ina ndearnadh miondealú ar na suimeanna de réir bliana. I bhfianaise na próifíle sin agus trí chomhairliúchán a dhéanamh leis na comhlachtaí idirmheánacha, rinne EMRA buiséad réamhaisnéise níos mionsonraithe.
- 18.31** De réir réamh-mheastacháin a rinne EMRA sa bhliain 2023, bhíothas ag súil go mbeadh luach €16.8 milliún sa bhliain 2024 agus €42 milliún sa bhliain 2025 ag baint le hiarratais ar íocaíocht ó AE a chuirfeadh Éire isteach. Ar deireadh, níor chuir Éire aon iarratais ar íocaíocht faoi bhráid AE sa bhliain 2024 agus tuairiscíodh caiteachas incháilithe ab fhiú beagán faoi bhun €5.5 milliún (lena n-áirítear cúnamh teicniúil) in éileamh a rinneadh i mí na Nollag 2025. I gcomhréir leis an gcomhaontú cómhaoinithe 50:50, fuair an Státchiste suim idirthréimhseach arbh ionann í agus beagán faoi bhun €2.6 milliún i mí Feabhra 2026 i ndáil leis an éileamh a rinneadh i mí na Nollag 2025.¹²
- 18.32** I mí Eanáir 2026, chuir EMRA réamh-mheastacháin ar fáil do AE a léirigh go raibh sé ag súil go gcuirfí iarratais ar íocaíocht dar luach €37 milliún isteach faoi dheireadh na bliana 2026 agus go gcuirfí iarratais ar íocaíocht dar luach €37 milliún eile isteach faoi dheireadh na bliana 2027. I mí na Bealtaine agus i mí Iúil 2026, chuir an Roinn iarratais ar íocaíocht faoi bhráid AE, ina raibh caiteachas incháilithe de €2.6 milliún agus €5.9 milliún, faoi seach, san áireamh. Fuair an Státchiste íocaíochtaí i ndáil leis an dá éileamh. Tá an chéad iarratas eile ar íocaíocht le cur isteach i mí Dheireadh Fómhair 2026. Tá an Roinn ag súil go mbeidh ról suntasach ag an éileamh do mhí Dheireadh Fómhair maidir leis an maoiniú atá ar fáil do 2026 a tharraingt anuas.

¹² I gcomhréir le hAirteagal 93 de [Rialachán \(AE\) 2021/1060](#), a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2021, b'ionann an tsuim a d'íoc an Coimisiún agus íocaíocht idirmheánach 95% den tsuim chómhaoinithe a bhí dlite d'Éirinn faoi CUAC AE.

¹³ Is é €6.66 milliún an méid iomlán a fuair an Státchiste faoi dheireadh mhí Lúnasa 2026, is é sin 95% den tsuim chómhaoinithe a bhí dlite.

- 18.33** Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2026, bhí suim iomlán €7 milliún tarraingthe anuas ag an Roinn as an €84.5 milliún féideartha de mhaoiniú CUAC AE a bhí ar fáil d'Éirinn.¹³ Tá an dul chun cinn maidir le tarraingt anuas i bhfad chun deiridh i gcomparáid leis an bplean maoinithe a ullmhaíodh nuair a glacadh an clár sa bhliain 2022 (féach Fíor 18.7).

Fíor 18.7 Tarraingt anuas iarbhír mhaoiniú AE i gcomparáid le plean maoinithe 2022

Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Gealltanais mhaoinithe don todhchaí

- 18.34** Cuireann EMRA réamh-mheastacháin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh cúig huaire sa bhliain maidir leis an dul chun cinn i dtreo an maoiniú atá ar fáil d'Éirinn a tharraingt anuas go hiomlán.
- 18.35** Ós rud é go rialaítear caiteachas agus treoirlínte oibríochta CUAC AE leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021 – 2027, ní mór an buiséad iomlán a chaitheamh, a éileamh agus a fhíorú faoi dheireadh na bliana 2029. Baineann spriocdhátaí eatramhacha áirithe leis freisin, trínar gá cuid den mhaoiniú a éileamh lena chinntiú nach ndéanfadh AE aon saoradh.
- 18.36** I gcláreagrú airgeadais AE, ceanglaítear leis an riail 'n+3' go gcaithfear cistí a leithdháiltear ar chlár ar leith do bhliain shonrach (n) a tharraingt anuas faoi dheireadh an tríú bliain (n+3) tar éis na bliana leithdháilte. Mura n-úsáidtear na cistí, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an chuid sin den bhuiséad a shaoradh go huathoibríoch. Leasaítear an riail go n+2 do bhliain dheireanach an chlár (is é sin, 2027 i gcás CUAC AE).
- 18.37** Chun saoradh mhaoiniú AE a sheachaint ag deireadh na bliana 2026, beidh ar an Roinn €25.3 milliún breise a tharraingt anuas roimh dheireadh na bliana seo (féach Fíor 18.8). Amhail mí Iúil 2026, tá an Roinn agus EMRA ag tuar go gcuirfear iarratais ar tharraingt anuas dar luach iomlán €35 milliún (bunaithe ar chaiteachas incháilithe €70 milliún) faoi bhráid AE le haghaidh na bliana 2026.

18.38 Shainnadh EMRA rioscaí féideartha maidir le tarraingt anuas iomlán na gcistí AE atá ar fáil, lena n-áirítear

- tearc-chaitheamh nó mainneachtain na spriocanna a bhaint amach de chuid oibríochtaí roghnaithe a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh leo sa bhliain 2026, rud a d'fhéadfadh a fhágáil nach bhféadfadh an clár an tairseach caiteachais n+3 don bhliain sin a bhaint amach
- éileamh ar mhaoiniú faoi Ghníomh 4.1 den chlár a bheith níos ísle ná mar atáthar ag súil leis.

Fíor 18.8 Tairseacha saortha do CUAC AE, 2025 – 2029^{a,b}

Bliain	Tairseach caiteachais charnagh	Méid atá á gcómhaoiniú ag AE	Méid atá tarraingthe anuas ^c	Iarmhéid le tarraingt anuas chun saoradh a sheachaint
	€m	€m	€m	€m
2025	4.8	2.4	2.7	—
2026	64.7	32.3	7.0	25.3
2027	77.7	38.9	7.0	31.9
2028	91.0	45.5	7.0	38.5
2029/deireadh an chlár	169.0	84.5	7.0	77.5

Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

- Nótaí:
- a D'fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.
 - b Léiríonn na figiúirí uile sa tábla cúnamh teicniúil ar ráta 4% a chuirtear le gach iarratas ar fíorú.
 - c I gcás na bliana 2026 agus na mblianta ina dhiaidh sin, is é an méid a tarraingíodh anuas faoi dheireadh mhí Lúnasa 2026 an méid a léirítear mar an méid a tarraingíodh anuas go dtí an dáta sin.

18.39 Dúirt EMRA agus an Roinn go measann siad go bhfuil baol íseal ann nach mbainfí leas iomlán as cistí AE atá ar fáil, de bharr na mbeart cosanta agus na socruithe teagmhais a cuireadh i bhfeidhm. Áirítear ar na gníomhartha a glacadh

- dhá ghníomh nach bhfuil ag feidhmiú go maith a bhaint den bhunchlár sa bhliain 2026 agus a mbuiséid a athleithdháileadh ar an gceathrú tosaíocht nua, rud a dhíríonn ar an aistriú aeráide agus ar athléimneacht chríoch CUAC AE
- leas a bhaint as an modh aisíocaíochta um 'maoiniú nach bhfuil nasctha le costas' arna fhorordú ag an gCoimisiún, trína n-eisítear íocaíochtaí bunaithe ar chríochnú oibre réamhshainithe, seachas ar aisíocaíocht a dhéanamh ar chaiteachas iarbhir¹⁴
- cistí a róghealladh, i gcás gurbh indéanta, ar ghníomhartha ar leith
- liosta cúltaca tionscadal a choimeád, le haghaidh gníomhartha áirithe, a bhféadfaí maoiniú a atreorú chucu, dá mba ghá.

14 Forordaíodh an tsamhail um 'maoiniú nach bhfuil nasctha le costas' faoi Airteagal 95 de [Rialachán \(AE\) 2021/1060](#), a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2021.

- 18.40** Chun dul i ngleic leis an mbaol nach dtarraingeofaí cistí anuas agus chun cur isteach éileamh a luathú, déanann EMRA na nithe seo a leanas
- monatóireacht ghéar a dhéanamh ar chaiteachas, ar éilimh agus ar luas na próiseála airgeadais
 - athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige bainistíochta agus fíoraithe rioscabhunaithe chun acmhainní a shaoradh ó íocaíochtaí a mbaineann riosca níos ísle leo a sheiceáil
 - córas tarraingthe anuas luathaithe agus simplithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun an t-ualach riaracháin agus na costais do thairbhíthe a laghdú
 - cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí idirmheánacha na háiteanna a bhféadfaí síntí conartha a chur i bhfeidhm a shainaithint, mar aon leis an méid airgeadais a bheadh i gceist, d'fhonn caiteachas agus éilimh a spreagadh i gcás gur féidir
 - iniúchadh ar bhealaí chun acmhainní a mhéadú trí earcaíocht, tacaíochtaí tríú páirtí agus/nó iasacht.

Cuairteanna láithreáin ag an bhfoireann scrúdúcháin

- 18.41** Mar chuid den scrúdú seo, thug an fhoireann cuairt ar shampla de thionscadail a fuair maoiniú. Ba iad príomhchuspóirí na gcuairteanna suímh ná
- an chaoi a n-oibríonn an córas i gcleachtas a dheimhniú
 - plé a dhéanamh le tairbhíthe faoina n-eispéireas leis an gciste
 - a dheimhniú gur úsáideadh an maoiniú a fuarthas don chuspóir beartaithe.
- 18.42** Thug an fhoireann scrúdúcháin cuairt ar thrí shuíomh tionscadail i gCill Dara, ar thrí cinn i Laois agus ar cheann amháin i Ros Comáin. I ngach cás
- cuireadh comhaontuithe maoinithe sínithe ar fáil don fhoireann, ina sonraítear an maoiniú uasta a leithdháileadh chomh maith le téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe
 - bhí suíomhanna tionscadail ag teacht le comhaontuithe maoinithe sínithe
 - bhí na gníomhartha a rinneadh ar shuíomhanna tionscadail ag teacht leis na pleananna maoinithe tionscadail.

I gcás gach tionscadail seachas ceann amháin, bhí comharthaíocht ábhartha a bhain le maoiniú an tionscadail ar taispeáint agus le feiceáil ag an bpobal.¹⁵

Dul chun cinn an chlár

- 18.43** Níor leagadh aon bhearta ná táscairí sonracha tionchair síos do ghníomhartha CUAC AE faoi aon cheann de na Vótaí ábhartha sa phróiseas meastacháin bliantúil. Sa bhliain 2024, glacadh 'lín na dtionscadal a fuair tacaíocht' faoi CUAC mar thomhas 'aschuir' do Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaol.¹⁶ Thuairiscigh an Roinn nár baineadh amach an sprioc maidir le tacaíocht tionscadail a leagadh síos don bhliain 2024.¹⁷

15 Ní foláir do thairbhíthe a fhaigheann cómhaoiniú ó CUAC AE plaic nó comhartha eile a thaispeáint chun páirtithe leasmhara agus an pobal a chur ar an eolas faoi thacaíocht CUAC AE.

16 Chlúdaigh an beart an Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir agus tionscadail CUAC AE araon sa bhliain 2024. Ó 2025 i leith, baineann an beart go heisiach le tionscadail CUAC AE.

17 [Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2026](#) (féach Vóta 29).

- 18.44** Is é cuspóir uileghabhálach CUAC AE, mar a leagtar amach sa chlár críche d'Éirinn a glacadh i mí na Nollag 2022, ná

“...a chur ar chumas réigiún agus daoine dul i ngleic leis na tionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a bhaineann leis an aistriú i dtreo spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh agus aeráid, agus i dtreo geilleagar aeráidneodrach san Aontas faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras”.¹⁸

- 18.45** Chuir Coimisiún an Aontais Eorpaigh liosta méadrachtaí coiteanna ar fáil arbh fhéidir táscairí CUAC AE a roghnú astu. I gcás nach raibh táscaire ag teacht go hiomlán le CUAC AE, bhí sé de rogha ag an Roinn agus EMRA spriocanna aonair a dhearadh. Dearadh spriocanna uile an chlár trí chomhairliúchán leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Roinn, le EMRA agus leis na comhlachtaí idirmheánacha.

- 18.46** Leagadh amach i gclár CUAC AE 2022 d'Éirinn roinnt táscairí aschuir agus toraidh do gach ceann de na trí réimse tosaíochta infheistíochta a sainaitníodh i bPlean na hÉireann um Aistriú Críche Cóir. Maidir leis na táscairí aschuir, socraíodh sprioc idirmheánach nó garsprioc lena baint amach faoi 2024, chomh maith le sprioc dheiridh le haghaidh na bliana 2029. Maidir leis na táscairí toraidh, cuireadh luach bonnlíne le haghaidh na bliana 2022 ar fáil agus socraíodh sprioc le haghaidh na bliana 2029.

Athbhreithniú meántearma ar CUAC AE

- 18.47** Ghlac an coiste monatóireachta cláir measúnú ar an gclár CUAC AE in Éirinn, measúnú a rinne an Roinn agus EMRA mar chuid den phróiseas athbhreithnithe meántearma i mí na Nollag 2025.¹⁹

- 18.48** Maíodh san athbhreithniú meántearma: bhí “an dul chun cinn i ndáil le príomhtháscairí dearfach den chuid is mó, agus sáraíodh garspriocanna 2024 áirithe cé go raibh cinn eile ag titim ar gcúl”.

- 18.49** Ar an iomlán, fuarthas amach san athbhreithniú go ndearnadh dul chun cinn suntasach go dtí sin maidir le cur i bhfeidhm an chlár, agus go raibh ag éirí go maith leis an gcuid is mó de na gníomhartha agus go raibh garspriocanna á mbaint amach. Mar sin féin, luadh ann gur mar gheall ar dhúshláin shuntasacha a bhain leis an gcur chun feidhme nach raibh Gníomhartha 2.2 agus 3.3 indéanta níos mó laistigh de thréimhse ama CUAC AE. Baineadh na gníomhartha sin den chlár go foirmiúil i mí an Mhárta 2026, agus athleithdháileadh a mbuiséid ar Ghníomh 4.1 nua.

- 18.50** Liostaíodh táscairí aschuir agus toraidh agus spriocanna le haghaidh na bliana 2029 don cheathrú tosaíocht nua sa chlár leasaithe CUAC AE d'Éirinn a glacadh i mí an Mhárta 2026.²⁰ Rinneadh athbhreithniú freisin ar na spriocanna do roinnt táscairí eile lena chur in iúl gur baineadh Gníomhartha 2.2 agus 3.3 den chlár.

- 18.51** Leagtar amach in larscríbhinn 18A an dul chun cinn go dtí deireadh na bliana 2025 i gcomparáid leis na táscairí a socraíodh do gach tosaíocht. Déantar an dul chun cinn a thomhas i gcomparáid le spriocanna an chlár le haghaidh 2024 agus 2029. Áirítear sa tábla freisin tráchttaireacht ó EMRA maidir leis an dul chun cinn go dtí sin i ndáil le gach táscaire.

¹⁸ [Ciste AE um Aistriú Cóir 2021 – 27](#), arna ghlacadh i mí na Nollag 2022.

¹⁹ [Ciste AE um Aistriú Cóir 2021 – 2027. Athbhreithniú Meántearma](#), mí na Nollag 2025.

²⁰ [Clár Leasaithe AE um Aistriú Cóir](#), arna ghlacadh i mí an Mhárta 2026.

- 18.52** Tá roinnt saincheistean ann maidir leis na bearta feidhmíochta agus na spriocanna a chuirtear i bhfeidhm don chlár (féach larscríbhinn 18A).
- Tomhais ar ghníomhaíocht seachas ar aschur atá i gceist le cuid de na méadrachtaí a thuairiscítear mar ‘tháscairí aschuir’, m.sh. ‘líon na bhfiontar a fuair tacaíocht’ faoi Thosaíocht 1 agus ‘achar dromchla na talún athshlánaithe a fuair tacaíocht’ faoi Thosaíochtaí 2 agus 4.
 - Is cosúil nach raibh cuid de na spriocanna le haghaidh na bliana 2029 dúshlánach go leor, ós rud é gur tuairiscíodh gur sáraíodh iad cheana féin faoi dheireadh na bliana 2025, m.sh. ‘poist a cruthaíodh in eintitis a fuair tacaíocht’ faoi Thosaíocht 1 agus ‘talamh athshlánaithe a úsáideadh le haghaidh limistéir ghlasa, etc.’ faoi Thosaíocht 2.
 - Laghdaíodh na spriocanna le haghaidh na bliana 2029 go suntasach maidir le ‘líon na bhfiontar a fuair tacaíocht’ agus ‘poist a cruthaíodh sna heintitis a fuair tacaíocht’ faoi Thosaíocht 1 mar chuid den leasú clár i mí an Mhárta 2026.
 - Méadaíodh an sprioc le haghaidh na bliana 2029 maidir leis an ‘daonra atá clúdaithe le straitéisí eacnamaíocha áitiúla nó réigiúnacha a fuair tacaíocht’ faoi Thosaíocht 1 mar chuid den leasú clár i mí an Mhárta 2026, ach baineadh amach an sprioc cheana féin faoi dheireadh na bliana 2025.
- 18.53** Mar fhreagairt ar na torthaí thuas, dúirt an Roinn gur dearadh an clár ar dtús sa chaoi is go mbeadh sé críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2026, agus gur gá breathnú ar na spriocanna sa chomhthéacs sin. Luaigh sí freisin gur laghdaíodh na spriocanna do roinnt táscairí faoi Thosaíocht 1 mar chuid den phróiseas athbhreithnithe meántearma, chun athleithdháileadh maoinithe laistigh den tosaíocht sin a léiriú. Luaigh sí gur méadaíodh na spriocanna do roinnt táscairí eile faoi Thosaíocht 1 chun an meascán athbhreithnithe gníomhaíochtaí a léiriú.

Conclúidí

- 18.54** Tá sé mar chuspóir ag clár an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC) in Éirinn leas a bhaint as maoiní suntasach ó AE chun tacú leis na pobail sa réigiún Lár Tíre a ndéanann an t-aistriú ar shiúl ó tháirgeadh móna agus ó ghiniúint leictreachais as móin an difear diúltach is mó dóibh. Tá €84.5 milliún ar fáil ó AE don tréimhse buiséadaithe 2021 go dtí 2027, atá le meaitseáil le €84.5 milliún eile ón Státchiste.

Spriocanna feidhmíochta

- 18.55** Chuir an Roinn clár mionsonraithe CUAC d’Éirinn faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Samhna 2022. Ghlac an Coimisiún Eorpach é sin i mí na Nollag 2022.
- 18.56** Sainithníodh trí réimse tosaíochta sa chlár a faomhadh, agus sonraíodh trí ghníomh do gach ceann acu. Laistigh de bhuiséad foriomlán an chlár dar luach €169 milliún, leithdháileadh maoiní ar gach tosaíocht agus gach gníomh, agus áiríodh tomhais feidhmíochta i ndáil le gach tosaíocht, mar aon le spriocanna soláthair le haghaidh dheireadh na mblianta 2024 agus 2029.

18.57 Tar éis athbhreithniú meántearma sa bhliain 2025, bhí ar dhá cheann de na naoi mbunghníomh, a raibh buiséad €15 milliún ag gach ceann acu, dul i ngleic le dúshlán shuntasacha cur chun feidhme, agus baineadh iad den chlár i mí an Mhárta 2026. Dá réir sin, fuarthas réidh le spriocanna i ndáil leis na nithe seo a leanas

- 10,000 heicteár talún le hathshlánú chun tacú le cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus/nó chun an stádas hidreolaíoch a fheabhsú
- soláthar 60 luchtair poiblí d'fheithiclí leictreacha, a mbeadh gach ceann acu le húsáid ar feadh 438 uair an chloig in aghaidh na bliana, is é sin 5% d'am gníomhach in aghaidh na bliana.

Sa leasú cláir, athleithdháileadh an €30 milliún a bhí ar fáil ar an gceathrú réimse tosaíochta nua.

Sreafaí maoinithe

18.58 Áirítear ar an liosta de chomhlachtaí idirmheánacha a ceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhartha aonair faoi chlár CUAC Fáilte Éireann, Pobal, an Roinn Iompair agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ós rud é go maoiníonn an Státchiste an clár go pointe áirithe, cuirtear leithdháiltí maoinithe san áireamh i meastacháin bhliantúla Vóta na ranna ábhartha agus íoctar ansin iad leis na comhlachtaí faoi seach a thagann faoina gcoimirce.

18.59 Ar an iomlán, tá cúrsaí maoinithe casta agus scaipthe. Cé go ndéanann roinnt cuntas vóta tagairt do mhaoiniú ó CUAC, ní chuirtear cuntas cuimsitheach ar fáil maidir le caiteachas comhiomlán an chláir go dtí seo ná leis an méid a tarraingíodh anuas ó AE. Dá réir sin, tá easpa trédhearcachta ann maidir le dul chun cinn an chláir.

18.60 I ndáil leis sin, dúirt an Roinn go ndéanann an fheidhm cuntasaíochta monatóireacht agus taifeadadh ar gach éileamh íocaíochta a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus go ndéanann sí rianú ar na cistí ar fad a fhaightear.

Caiteachas go dtí seo

18.61 Áiríodh leithdháiltí suntasacha faoi Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaol ó bunaíodh CUAC náisiúnta sa bhliain 2020. Mainníodh arís agus arís eile úsáid a bhaint as na cistí a cuireadh ar fáil mar gheall ar mhoilleanna cur chun feidhme maidir le CUAC náisiúnta agus, ina dhiaidh sin, maidir le CUAC AE. Tharla tearcchaitheamh freisin i gcás vótaí caiteachais eile de chuid CUAC ó 2023 i leith.

18.62 Amhail mí Lúnasa 2026

- Íocadh €51 milliún le tairbhithe an chláir
- Tuairiscíodh €14 milliún de chaiteachas incháilithe (lena n-áirítear 4% le haghaidh cúnamh teicniúil) in iarratais ar íocaíocht a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.
- Tarraingíodh €7 milliún de mhaoiniú AE anuas.²¹

²¹ Fuair an Státchiste 95% (is é sin, €6.66 milliún) den tsuim sin ón gCoimisiún i bhfoirm íocaíochtaí eatramhacha.

- 18.63** Tá leibhéal an mhaoinithe AE a tarraingíodh anuas go dtí seo i bhfad chun deiridh ar na réamh-mheastacháin a rinne EMRA sa bhliain 2023, inar tuaradh go ndéanfaí éileamh ar nach mór €59 milliún faoi dheireadh na bliana 2025.
- 18.64** Beidh ar an Roinn maoiniú AE dar luach €25.3 milliún eile a tharraingt anuas faoi dheireadh na bliana 2026 chun saoradh uathoibríoch maoinithe a sheachaint, faoin 'riail n+3'. Chun an méid sin a bhaint amach, beidh gá le luas suntasach a chur leis an ráta tarraingthe anuas. Ina ainneoin sin, tá an Roinn agus EMRA araon fós muiníneach go dtarraingeofar anuas an maoiniú go hiomlán ón Aontas Eorpach – ar fiú €84.5 milliún é – atá ar fáil do CUAC in Éirinn.

Iarscríbhinn 18A Dul chun cinn a tuairiscíodh i gcomparáid le táscairí CUAC, amhail deireadh na bliana 2025

Tosaíocht	Táscaire [Cineál: Aschur/Toradh]	Aonad tomhais	Bonnlíne ^a	Garsprioc (2024)	Olltoradh (deireadh 2025)	Bunsprioc (2029) ^b	Sprioc athbhreithnithe (2029) ^b	Dul chun cinn ar sprioc athbhreithnithe 2029	Tuairim an údaráis bainistíochta
CUAC1 Fostaíocht a chruthú d'iarphobail mhóna trí infheistiú in éagsúlú an gheilleagair áitiúil [Buiséad €87 m]	Líon na bhfiontar a fuair tacaíocht (díobh sin: micrifhiontair, fiontair bheaga, mheánmhéide agus mhóra) [Aschur]	Fiontair	n/b	58	122	453	284	43%	Ar an mbóthar ceart chun an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029 a bhaint amach.
	Fiontair ag comhoibriú le heagraíochtaí taighde [Aschur]	Fiontair	n/b	8	12	16	Gan aon athbhreithniú	75%	Ar an mbóthar ceart chun an sprioc le haghaidh na bliana 2029 a bhaint amach.
	Straitéisí eacnamaíocha áitiúla agus réigiúnacha a fuair tacaíocht [Aschur]	Straitéisí a fuair tacaíocht	n/b	1	9	5	8	113%	Sáraíodh an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029.
	Poist a cruthaíodh in eintitis a fuair tacaíocht [Toradh]	FTEanna Bliantúla	—	n/b	161.50	109.25	62.50	258%	Sáraíodh an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029.
	Fiontair bheaga agus mheánmhéide a thug nuálaíocht táirge nó próisis isteach [Toradh]	Fiontair	—	n/b	117	266	Gan aon athbhreithniú	44%	Ar an mbóthar ceart, agus is dócha go mbainfear an sprioc le haghaidh na bliana 2029 amach.
	Fiontair bheaga agus mheánmhéide a thug nuálaíocht mhargaíochta nó eagraíochtúil isteach [Toradh]	Fiontair	—	n/b	10	16	Gan aon athbhreithniú	63%	Ar an mbóthar ceart, agus is dócha go mbainfear an sprioc le haghaidh na bliana 2029 amach.
	An daonra atá clúdaithe le straitéisí eacnamaíocha áitiúla nó réigiúnacha a fuair tacaíocht [Toradh]	Líon na gcónaitheoirí	—	n/b	553,337	292,301	553,337	100%	Baineadh an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029 amach.
CUAC2	Achar dromchla na talún athshlánaithe a fuair tacaíocht [Aschur]	Heicteáir	n/b	1,506	2,510	12,530	2,530	99%	Laghdaíodh an sprioc faoi 10,000 heicteár chun baint Ghníomh 2.2 a léiriú. Ar an mbóthar ceart chun an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029 a bhaint amach.
	Talamh athshlánaithe a úsáidtear le haghaidh limistéir ghlasa, tithíocht shóisialta, úsáid eacnamaíoch nó úsáid eile [Toradh]	Heicteáir	—	n/b	1,067	130	Gan aon athbhreithniú	821%	Sáraíodh an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029. Mar sin féin, níl an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) ag súil go rachaidh gach suíomh ar aghaidh ná go gcuirfear i gcrích iad.

Tosaíocht	Táscaire [Cineál: Aschur/Toradh]	Aonad tomhais	Bonnlíne ^a	Garsprioc (2024)	Olltoradh (deireadh 2025)	Bunspríoc (2029) ^b	Sprioc athbhreithnithe (2029) ^b	Dul chun cinn ar sprioc athbhreithnithe 2029	Tuairim an údaráis bainistíochta
Tacú le hathchóiriú agus athshlánú tailte móna díghrádaithe, agus le hathghiniúint agus athúsáid sócmhainní oidhreachta tionsclaíche [Buiséad €42 m]	Talamh athshlánaithe a úsáidtear chun tacú le cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus/nó chun an stádas hidreolaíoch a fheabhsú [Toradh]	Heicteáir	—	n/b	7,471	12,400	2,400	311%	Laghdaíodh an sprioc faoi 10,000 heicteár chun baint Ghníomh 2.2 a léiriú. Sáraíodh an sprioc athbhreithnithe le haghaidh na bliana 2029. Níl NPWS ag súil go rachaidh gach suíomh ar aghaidh, áfach.
CUAC3 Roghanna soghluaisteacht a cliste agus inbhuanaithe a chur ar fáil d'iarphobail mhóna, chun cur ar a gcumas leas díreach a bhaint as an aistriú glas [Buiséad €3 m]	Fiontair a fuair tacaíocht (díobh sin: micrifhiontair, fiontair bheaga, mheánmhéide, mhóra) [Aschur]	Fiontair	n/b	12	12	12	Gan aon athbhreithniú	100%	Baineadh an sprioc le haghaidh na bliana 2029 amach.
	Acmhainn rothstoic atá oiriúnach ó thaobh na haeráide de le haghaidh iompar poiblí comhchoiteann [Aschur]	Paisinéirí	n/b	0	0	95	Gan aon athbhreithniú	0%	Is dócha go mbainfear an sprioc amach; táthar ag fanacht le suiteáil bealaí bus.
	Bonneagar breoslaí malartacha (pointí athbhreoslaithe/athluchtaithe) [Aschur]	Pointí athbhreoslaithe/ athluchtaithe	n/b	16	2	62	2	100%	Baineann an dá luchtair a suiteáladh le Gníomh 3.1. Baineadh Gníomh 3.3 den chlár – ní bhainfear an bhunspríoc amach.
	Fiontair bheaga agus mheánmhéide a thug nuálaíocht táirge nó próisis isteach [Toradh]	Fiontair	—	n/b	2	4	Gan aon athbhreithniú	50%	Ní dócha go mbainfear an sprioc amach mar gheall ar shrianta bonneagair.
	Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa [Toradh]	Tonnaí de choibhéis CO ² in aghaidh na bliana	91.1	91.1	63.6	63.6	Gan aon athbhreithniú	100%	Ar an mbóthar ceart chun an sprioc le haghaidh na bliana 2029 a bhaint amach. Braithfidh an toradh deiridh ar mhéid agus samhail an bhus.
	Am bliantúil úsáide gníomhaí pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a nuashuiteáladh [Toradh]	Uaireanta an chloig in aghaidh na bliana	—	n/b	n/b	438	n/b	n/b	Baineadh Gníomh 3.3 den chlár – ní bhainfear an bhunspríoc amach.

Tosaíocht	Táscaire [Cineál: Aschur/Toradh]	Aonad tomhais	Bonnlíne ^a	Garsprioc (2024)	Olltoradh (deireadh 2025)	Bunsprioc (2029) ^b	Sprioc athbhreithnithe (2029) ^b	Dul chun cinn ar sprioc athbhreithnithe 2029	Tuairim an údaráis bainistíochta
CUAC4 Aistriú aeráide athléimneach agus inbhuanaithe na críche a chumasú [Buiséad €30 m]	Foirgnimh phoiblí a bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe acu [Aschur]	Méadair chearnacha	n/b	n/b	n/b	n/b	3,720	Nua	Cuireadh tús leis an ngníomh sa bhliain 2026.
	Achar dromchla na talún athshlánaithe a fuair tacaíocht [Aschur]	Heicteáir	n/b	n/b	n/b	n/b	12	Nua	Cuireadh tús leis an ngníomh sa bhliain 2026.
	Straitéisí náisiúnta agus fonáisiúnta a thugann aghaidh ar an oiriúnú don athrú aeráide [Aschur]	Straitéisí	n/b	n/b	n/b	n/b	6	Nua	Tá gníomhartha faoi lán seoil, agus cuireadh deireadh leis an tréimhse chun spéis a léiriú i mí an Mhárta 2026.
	Ídiú bliantúil fuinnimh phríomhúil (lena n-áirítear: teaghaisí inacmhainne agus inbhuanaithe, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) [Toradh]	MWh/bliain	1,674	n/b	n/b	n/b	372	Nua	Cuireadh tús leis an ngníomh sa bhliain 2026.
	Astaíochtaí measta gás ceaptha teasa [Toradh]	Tonnaí de choibhéis CO ² in aghaidh na bliana	378.8	n/b	n/b	n/b	84.9	Nua	Cuireadh tús leis an ngníomh sa bhliain 2026.
	Talamh athshlánaithe a úsáidtear le haghaidh limistéir ghlasa, tithíocht shóisialta, úsáid eacnamaíoch nó úsáid eile [Toradh]	Heicteáir	—	n/b	n/b	n/b	12	Nua	Cuireadh tús leis an ngníomh sa bhliain 2026.

Foinse: [Clár an Chiste AE um Aistriú Cóir 2021 – 27](#), arna ghlacadh i mí na Nollag 2022; [Clár Chiste leasaithe AE um Aistriú Cóir](#), arna ghlacadh i mí an Mhárta 2026; EMRA

Nótaí:

- a Maidir le Tosaíochtaí 1 – 3, is í an bhliain 2022 an bhliain tagartha do na luachanna bonnlíne. I gcás Thosaíocht 4, is í an bhliain 2023 an bhliain tagartha do dhá tháscaire agus is í an bhliain 2024 an bhliain tagartha don cheann eile.
- b Tagann an bhunsprioc do gach garsprioc ón gclár a glacadh i mí na Nollag 2022, agus tagann an sprioc athbhreithnithe ón gclár leasaithe a glacadh i mí an Mhárta 2026.